An Roinn Oideachais & Scileanna
An Rannóg Párolla
Cor na Madadh Luain
Baile Átha
Co. na Íarmhí

AN ROINN OIDEACHAIS AGUS SCILEANNA | DEPARTMENT OF EDUCATION AND SKILLS

Payroll Division,
Dept. of Education & Skills
Cornamaddy
Athlone
Co. Westmeath

**Imlitir 62/2011**

# Chuig Údaráis Bhainistíochta Bunscoileanna, Meánscoileanna, Scoileanna Pobail agus Scoileanna Cuimsitheacha

## Scéim Pas Taistil le haghaidh 2012 (Ticéid Chomaitéara *Tax Saver*)

### 1 Réamhrá

Ba mhaith leis an Aire Oideachais agus Scileanna a chur in iúl d'údaráis bhainistíochta Bunscoileanna, Meánscoileanna, Scoileanna Pobail agus Scoileanna Cuimsitheacha go bhfuil Scéim Pas Taistil ar fáil le haghaidh na bliana cánach 2012. Tá an scéim ar fáil do mhúinteoirí, cúntóirí riachtanais speisialta, oifigigh cléireachais, feighlithe agus d'oibrithe cúram leanaí a íoctar ar phárollaí atá á n-oibirú ag an Roinn Oideachais agus Scileanna mar phámháistir.

Tugadh reachtaíocht isteach san Acht Airgeadais 1999 lena dtugtar cead d'fhostóir caiteachas a thabhú a eascraíonn as pas bus/iarnróid bliantúil a chur ar fáil d'fhostaí agus faoi nach ngearrtar cáin i leith sochar comhchineáil ar an bhfostaí dá thoradh. Thoiligh na Coimisinéirí Ioncaim go mbeidh feidhm leis an díolúine um shochar comhchineáil i gcomhthéacs an laghdú tuarastail, is é sin le rá, má tá fostaí sásta go dtagann laghdú ar a thuarastal nó ar a tuarastal ar mhaithe le pas taistil a bheith á sholáthar dó/di ón bhfostóir. Ní ghearrfar cáin, ÁSPC, an Muirear Sóisialta Uilíoch nó asbhaint pinsean-choibhneasta i leith an mhéid a baineadh as a phá/a pá chun íoc as an bpas taistil.

Chun críocha na Scéime Pas Taistil ba chóir glacadh le tagairt ar bith d'fhostóir san imlitir seo mar thagairt dhíreach don Roinn Oideachais agus Scileanna mar phámháistir. Baineann tagairt ar bith d'fhostaí leis an múinteoir bunscoile nó meánscoile, an cúntóir riachtanais speisialta, an ofigeach cléireachais, an feighlí nó an oibrí cúram leanaí a íoctar tuarastal leis nó léi ar na párollaí atá á n-oibriú ag an Roinn Oideachais agus Scileanna mar phámháistir.

### 2. Tús na scéime 2012

Tiocfaidh scéim 2012 i bhfeidhm ar an 1 Eanáir 2012.

### 3 Riachtanais na scéime

Glacfaidh na Coimisinéirí Ioncaim le laghdú tuarastail ar son soláthar pas taistil ó fhostóir mar bheart atá éifeachtach chun críocha cánach faoi na coinníollacha seo a leanas:

- Ní mór athrú bona fide infheidhmithe a dhéanamh ar na téarmaí agus coinníollacha fostaíochta, is é sin, sochar a roghnú in ionad tuarastail;
- Ní mór gan an t-athrú a bheith siarghabhálach agus ní mór é a fhianú i scríbhinn;
- Ní mór nach mbeidh teidlíocht ag an bhfostaí an sochar a mhalartú le haghaidh airgid;
- Níl cead an rogha (sochar in ionad airgid) a dhéanamh níos minice ná uair amháin sa bhliain agus ní féidir é a dhéanamh ach amháin le toiliú an fhostóra.

- Ní mór an rogha atá déanta a bheith do-aisghairthe i leith na blianta lena mbaineann sé.

Ní bheidh aon tionchar ag an laghdú tuarastail ar ranníocaíochtaí pinsin nó ar shochair phinsin

## 4 Tairbhí don bhFostaí agus don bhFostóir

Ós rud é go dtagann an sochar neamh-inchánach in ionad tuarastail a ghéilltear ní ghearrfar cáin, ÁSPC, an muirear sóisialta uilíoch nó asbhaintí pinsean-choibhneasta ar an bhfostaí i leith costas an phas taistil a sholáthraíonn an fostóir. Tacaíonn an Scéim Pas Taistil le beartas an Rialtais ar mhaithe le húsáid iompair phoiblí a mhéadú.

## 5 Iarratas ar Phas Taistil

Ní mór d'fhostaithe ar mhian leo leas a bhaint as an bpas taistil:

- an Fhoirm Iarratais (Aguisín 1) a chomhlánú. Sa bhFoirm Iarratais seo mínítear roghanna na dticéad bliantúil atá ar thairiscint ó na soláthraithe iompair.
- an Fhoirm Údaraithe a shíniú agus eolas a chur ar na coinníollacha a ghabhann leis an Scéim (Aguisín 2).

Is féidir na foirmeacha seo a íoslódáil go díreach ó shuíomh idirlín na Roinne seo ag www.education.ie, a chomhlánú agus a sheoladh ar aghaidh chuig an seoladh atá curtha ar fáil.

Ar dí an fhoirm iarratais agus an fhoirm údaraithe agus iad comhlánaithe a fháil cuirfidh an Roinn ordú isteach chuig soláthraithe iompair chun pasanna bliantúla a fháil don bhfostaí a bhfuil an scéim roghnaithe aige nó aici. Eiseoidh an Roinn an pas do gach fostaí ar ordaigh sí pas dó nó di ansin.

**Tabhair do d'aire go n-eiseofar an pas taistil don iarratasóir mar litir chláraithe tríd an bpost. Dá bhrí sin tá sé rí-thábhachtach go mbeidh an t-iarratasóir ag an seoladh atá tugtha ar an bhfoirm iarratais chun glacadh leis an seachadadh poist. Ba chóir gan seoladh na scoile a úsáid chuige seo.**

**<u>Ní mór d'iarratasóirí céaduaire</u>** nach bhfuil cárta aitheantais fótagrafach acu cheana féin ceann a fháil.

Is féidir carta aitheantais fótagrafach de chuid Iarnród Éireann a fháil ach grianghraf digiteach a chur isteach ar dhlúthdiosca mar aon le d'fhoirm iarratais.

Tá carta aitheantais fótagrafach le haghaidh an Luas ar fáil saor in aisce ó Veolia Transport. Ní mór é a bheith sínithe agus grianghraf a bheith greamaithe de chun go mbeidh sé bailí.

Tá carta aitheantais fótagrafach de chuid CIE ar fáil saor in aisce do chustaiméirí *taxsaver* ó Bus Átha Cliath, 59 Sráid Uí Chonaill Uachtair, Baile Átha Cliath 1. Tógfar grianghraf díot nuair a thiocfaidh tú chuig an oifig. De mhalairt air seo is féidir carta aitheantais fótagrafach de chuid CIÉ a fháil sna príomh-stáisiúin Iarnróid.

Tá tuilleadh sonraí maidir leis na riachtanais a ghabhann le carta aitheantais ar fáil ag http://www.taxsaver.ie/Commuters/ID-Requirements

## 6 Dáta deiridh le haghaidh iarratais:

**<u>Is é Dé hAoine 11 Samhain 2011 an dáta deiridh chun iarratais a fháil.</u>**

**<u>Cloífear go docht leis an dáta deiridh seo agus ní féidir aon eisceachtaí a dhéanamh.</u>**

## 7 An t-Eolas a scaipeadh

Iarrtar ar na húdaráis bhainistíochta an t-eolas atá san Imlitir seo a thabhairt do gach múinteoir, cúntóir riachtanais speisialta, oifigeach cléireachais, feighlí agus oibrí cúram leanaí ina scoileanna, a n-íoctar a dtuarastal trí phárollaí atá á n-oibriú ag an Roinn Oideachais agus Scileanna. Tá teacht ar an imlitir seo ar shuíomh idirlín na Roinne Oideachais agus Scileanna: www.education.ie .

## 8 Ceisteanna

Ba chóir ceisteanna maidir le hoibriú na scéime seo a chur mar r-phost chuig an réimse phárolla chuí:

Seoladh r-phoist do mhúinteoirí bunscoile primtch_payroll@education.gov.ie
Seoladh r-phoist do mhúinteoirí iarbhunscoile pppayroll@education.gov.ie
Seoladh r-phoist do bhaill foirne neamh-mhúinteoireachta NTSPayroll@education.gov.ie

**P. Maloney,**
**Príomhoifigeach.**

**Meán Fómhair 2011**

<u>**Aguisín 1**</u>

**Scéim Pas Taistil**
**Foirm Iarratais**

**Chuig:** Scéim Pas Taistil
An Rannóg Phárolla
An Roinn Oideachais agus Scileanna
Baile Átha Luain
Co. na hIarmhí

<u>**Nótaí:**</u>

1. <u>**Scríobh ar an gclúdach go soiléir, le do thoil:**</u>
   i. <u>**"Scéim Pas Taistil"**</u>
   ii. <u>**"Párolla Bunscoile", "Párolla Iarbhunscoile" nó "Párolla Foirne Neamh-mhúinteoireachta" mar is cuí.**</u>
   iii. <u>**Uimhir rolla na Scoile**</u>

2. <u>**Ciorclaigh mar is cuí, le do thoil:**</u>

| | | | |
|---|---|---|---|
| <u>**Post faoi láthair:**</u> | Múinteoir | nó | Foireann neamh-mhúinteoireachta |
| <u>**Earnáil:**</u> | Bunscoil | nó | Iarbhunscoil |

**Sonraí Pearsanra an Fhostaí**

**Ainm:** ______________________________________________

**Seoladh:** ______________________________________________

______________________________________________

**Eiseofar an pas taistil mar litir chláraithe tríd an bpost agus ba chóir gurb ionann an seoladh atá tugtha agus an seoladh ag a mbeidh an t-iarratasóir i dtreo go mbeidh ar a chumas / cumas glacadh leis an bpas. Ba chóir gan seoladh na scoile a úsáid chuige seo.**

**Uimh. Ghutháin: (Guth. Póca)** ______________**Uimh. Ghutháin.: (Obair)** _______________

**Uimhir Rolla na Scoile:** _______________________

**Uimh. PSP:** ***(mar atá ar an duillín pá)***

| | | | | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| | | | | | | | | |

**Uimh. Párolla:** ***(mar atá ar an duillín pá)***

| | | | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|---|---|
| | | | | | | | |

## Rogha na dTicéad Bliantúil

**Taispeántar na praghsanna thíos de réir mar a luaigh na Soláthraithe Seirbhíse iad i mí Lúnasa 2011**

**Cuir tic sa bhosca cuí chun do rogha a chur in iúl.**

**A. Travelwide – Ticéad Bliana Bus** **€1,000.00** ☐
Taisteal neamhtheoranta ar feadh bliana amháin ar sheirbhísí bus Bhaile Átha Cliath, Nitelink agus Airlink san áireamh.
(Níl seirbhísí farantóireachta ná Turais san áireamh).

**B. Ticéad Bliana do Chomaitéirí Iarnróid & DART** **€1,060.00** ☐
Taisteal neamhtheoranta ar sheirbhísí DART agus ar sheirbhísí Comaitéara Iarnróid idir Maigh Nuad, Baile Brigín, Cill Chomhghaill agus Collchoill.

**C. Ticéad Bliana Bus Átha Cliath & Luas** **€1180.00** ☐

**D. Ticéad Bliana *Short Hop* do Chomaitéirí Iarnróid, DART & Bus Átha Cliath** **€1230.00** ☐
Taisteal neamhtheoranta ar sheirbhísí DART agus ar sheirbhísí Comaitéara Iarnróid idir Maigh Nuad, Baile Brigín, Cill Chomhghaill agus Collchoill agus ar sheirbhísí sceidealaithe Bus Átha Cliath.

**E. Ticéad Bliana do Chomaitéirí Iarnróid & DART móide seirbhísí friothálacha NUA** **€1300.00** ☐
Taisteal neamhtheoranta ar sheirbhísí DART agus ar sheirbhísí Comaitéara Iarnróid idir Maigh Nuad, Baile Brigín, Cill Chomhghaill agus Collchoill móide seirbhísí friothálacha 90/92 agus Luas idir stáisiún Heuston agus stáisiún Uí Chonghaile.

**F. Ticéad Bliana Comaitéara Iarnróid, DART & LUAS** **1470.00** ☐
Taisteal neamhtheoranta ar sheirbhísí DART, ar sheirbhísí Comaitéara Iarnróid idir Maigh Nuad, Baile Brigín, Cill Chomhghaill agus Collchoill agus ar sheirbhísí LUAS (Líne Dhearg agus Líne Ghlas).

**G. Ticéad Bliana do Chomaitéirí Iarnróid, DART, Bus Átha Cliath & LUAS** **€1800.00** ☐
Taisteal neamhtheoranta ar sheirbhísí DART, ar sheirbhísí Comaitéara Iarnróid idir Maigh Nuad, Baile Brigín, Cill Chomhghaill agus Collchoill chomh maith le LUAS (Líne Dhearg agus Líne Ghlas) agus ar sheirbhísí sceidealaithe Bus Átha Cliath.

**H. Ticéad Bliana Bus Éireann le haghaidh Chathair Chorcaí** **€682.00** ☐

**I. Ticéad Bliana Bus Éireann le haghaidh Chathair Chorcaí agus Bruachbhailte** **€847.00** ☐

**J Ticéad Bliana Bus Éireann le haghaidh Chathair na Gaillimhe** **€605.00** ☐

**K. Ticéad Bliana Bus Éireann le haghaidh Chathair Luimnigh** **€605.00** ☐

**L. Ticéad Bliana Bus Éireann le haghaidh Chathair Phort Láirge** **€605.00** ☐

**M. Ticéad Bliana Iarnród Ēireann idir dhá cheann scríbe** ☐

Ó: ____________________ Go: _________________ Méid: ___________
(Sonraigh na stáisiún, le do thoil – Braitheann an praghas ar na cinn scríbe atá i gceist)

**An bhfuil nasc Bus/Luas ó Heuston chuig Lár na Cathrach ag teastáil uait? Tá/Níl**
(Gearrtar táille fhorlíontach €240 in aghaidh na bliana ar an mBealach Bus 90/145
agus ar naisc Luas idir Heuston agus Lár na Cathrach. Méid: ___________

**Iomlán: ____________**

**N. Iarnród Éireann: Gach seirbhís** **<u>€3500.00</u>** ☐
Leis an ticéad bliana seo tairgtear taisteal neamhtheoranta ar sheirbhísí iarnróid sceidealaithe ar fud Phoblacht na hÉireann ar fad.

**O. Iarnród Eireann & Bus Átha Cliath: Gach Seirbhís** **<u>€3800.00</u>** ☐
Leis an ticéad bliana seo tairgtear taisteal neamhtheoranta ar sheirbhísí iarnróid sceidealaithe ar fud Phoblacht na hÉireann ar fad agus ar sheirbhísí Bus Átha Cliath. Níl seirbhísí farantóireachta ná turais san áireamh, áfach.

**P. Iarnród Eireann & Bus Éireann: Gach Seirbhís** **<u>€3900.00</u>** ☐
Leis an ticéad bliana seo tairgtear taisteal neamhtheoranta ar sheirbhísí iarnróid sceidealaithe agus ar sheirbhísí Bus Éireann sceidealaithe ar fud Phoblacht na hÉireann.

**Q. Iarnród Éireann & Luas: Gach Seirbhís** **<u>€4100.00</u>** ☐
Leis an ticéad bliana seo tairgtear taisteal neamhtheoranta ar gach seirbhís iarnróid sceidealaithe ar fud Phoblacht na hÉireann agus ar an Luas (Líne Dhearg agus Líne Ghlas).

**R. Gach seirbhís de chuid CIÉ (Iarnród Éireann, Bus Átha Cliath & Bus Eireann)** ☐
**<u>€4600.00</u>**
Leis an ticéad bliana seo tairgtear taisteal neamhtheoranta ar gach seirbhís sceidealaithe de chuid Iarnróid Éireann agus Bus Éireann ar fud Phoblacht na hÉireann ar fad agus ar sheirbhísí Bus Átha Cliath. Níl seirbhísí farantóireachta ná turais san áireamh, áfach.

**S. Ticéad Bliana Bus Éireann idir dhá cheann scríbe** ☐

Ó: _________________ Go: __________________ Méid: ___________
(Sonraigh na suíomhanna, le do thoil – Braitheann an praghas ar na cinn scríbe atá i gceist)

**T. Luas Amháin (roghnaigh 1 go 7, le do thoil, agus breac do rogha sa bhosca)** ☐

1) **Ticéad Bliana don Líne Ghlas idir Gleann Bhríde agus Faiche Stiabhna** **€800.00**

2) **Ticéad Bhliana don Líne Dhearg idir Tamhlacht nó Teach Sagard agus An tÍosta** **€800.00**

3) **Ticéad Bliana Glas 3 go Lár 1 Áth an Ghainimh go Faiche Stiabhna** **€710.00**

4) **Ticéad Bliana Dearg 3 go Lár 1 An Bhó Dhearg go Conghaile / Busáras / Duga Sheoirse** **€670.00**

5) **Ticéad Bliana Dearg 4 go Dearg 2 Tamhlacht nó Teach Sagard go Heuston** **€670.00**

**6)** **Ticéad Bliana le haghaidh gach Limistéir, Ceantar na nDugaí san áireamh** **€840.00**

**7)** **Ticéad Bliana Dearg 2 go Ceantar na nDugaí san áireamh** **€670.00**

**U.** **Pas Bliana eile arna eisiúint ag Soláthraí Iompair Formheasta** ☐

Ainm an tsoláthraí: ________________________________
(soláthraí iompair formheasta)

Ó: ______________________ Go: ___________________ Méid: ________

(Sonraigh na suíomhanna, le do thoil – Braitheann an praghas ar na cinn scríbe atá i gceist)

**Is é Dé hAoine 11 Samhain 2011 an dáta deiridh chun iarratais a fháil.**

**Cloífear go docht leis an dáta deiridh seo agus ní féidir aon eisceachtaí a dhéanamh.**

# Aguisín 2

## Scéim Pas Taistil
## Foirm Údaraithe

Maidir le Rogha ________ thuas, ba mhaith liom glacadh le laghdú ar mo thuarastal i ndáil leis an gcostas atá ar an rogha thuas a bheith á ghearradh ar mo thuarastal bliantúil ar son soláthar pas taistil bliantúil ón Roinn Oideachais agus Scileanna. Is léir dom go mbeidh an socrú seo i bhfeidhm ar feadh bliana amháin agus go dtaispeánfar an méid den tuarastal a ghéill mé i mo dhuillíní pá thar an tréimhse sin. Geallaim an méid seo a leanas leis seo: Más rud é go n-éirím as mo phost nó go nglacaim sos gairme nó mura féidir asbhaintí a dhéanamh ó mo thuarastal ar feadh tréimhse 12 mhí, go bhfuilim sásta an difríocht idir costas mo Phas Taistil agus méid na n-asbhaintí a rinneadh cheana a aisíoc leis an Roinn ina iomláine.

**Tá na coinníollacha thall léite agam agus aontaím leo.**

**AINM __________________________**

**BLOCLITREACHA LE DO THOIL**

**Uimh. PSP.:** ***(mar atá ar an duillín pá)***

| | | | | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| | | | | | | | | |

**Sínithe:** __________________________

**Dáta:** __________________________

---

## Úsáid oifigiúil amháin

**Uimhir Thicéid arna eisiúint:** _______________________

**Uimhir Aitheantais an Phas Taistil:** _____________________

**Cosaint Sonraí**

Coinneoidh an Roinn Oideachais agus Scileanna gach sonraí pearsanta a thugtar di sa bhfoirm seo ina rún agus úsáidfidh sí le haghaidh na cuspóra dá bhfuil siad beartaithe. Ní nochtfar an fhaisnéis ach amháin de réir mar atá ceadaithe de réir an dlí nó le haghaidh na cuspóra atá luaite i gclárú na Roinne leis an gCoimisinéir Cosanta Sonraí - TAG 10764/A

Má táthar ag iarraidh an fhaisnéis atá soláthraithe agat a úsáid le haghaidh cuspóra eile seachas a bhfuil sonraithe i gclárú na Roinne leis an gCoimisinéir Cosanta Sonraí lorgófar cead uait.

## Scéim Pas Taistil: Coinníollacha

1. Ní mór don iarratasóir a bheith fostaithe i bPost Buan, faoi Chonradh Tréimhse Éiginnte, ar i dtéarma seasta nó i bPost Rialta Páirtaimseartha ar an dáta a ndéantar an t-iarratas/ Nó mór gur fostaíocht í a mhairfidh go dtí go mbeidh méid an laghdú tuarastail cúitithe. Ní féidir le fostaithe fánacha nó neamhfhánacha an scéim a úsáid.

2. Ní mór don bhfostaí cuid dá (h)ioncam bunúsach bliantúil a ghéilleadh ar mhaithe le pas taistil bliantúil a fháil ón Roinn. Beidh an socrú seo i bhfeidhm ar feadh tréimhse bliana amháin agus taispeánfar an méid a géilleadh ina d(h)úillíní pá thar an tréimhse sin.

3. Dá mba rud é go n-aistreodh fostaí go scoil eile (cé go n-íoctar ón Roinn Oideachais agus Scileanna é/í i gcónaí) aistreofar an pas taistil leis an bhfostaí. Ní thiocfaidh aon athruithe ar théarmaí agus coinníollacha na scéime agus é seo á dhéanamh. Má ghlacann fostaí saoire gan phá, áfach, é sin, nó má scorann sé/sí den bhfostaíocht sula mbeidh an tréimhse bliana ina mbíonn sé/sí rannpháirteach sa scéim pas taistil istigh ní mór dó/di an pas taistil bliantúil a thabhairt ar ais. Iarrfaidh an Roinn Oideachais agus Scileanna aisíocaíocht ón soláthraí iompair ansin le haghaidh na coda nár úsáideadh den bpas taistil (ní thugtar aisíocaíocht i leith pas taistil a eisíodh faoin scéim ach don Roinn).

   **Nóta Tábhachtach**
   **Tabhair do d'aire, le do thoil, nach féidir an aisíocaíocht a fháil ón soláthraí iompair i gcónaí. Ina leithéid de chás titfidh costas iomlán an Ticéid Bhliantúil ar an bhfostaí. Má tharlaíonn a leithéid beidh ar an Roinn Oideachais agus Scileanna an t-iarmhéid atá dlite a aisghabháil ón bhfostaí. (féach ar Imlitir: Pay 15/2004. Beartas agus Nósanna Imeachta chun déileáil le Ró-íocaíocht Tuarastail/Liúntas)**

4. **Tá an scéim seo á hoibriú ag an Roinn Oideachais agus Scileanna dá cuid fostaithe mar rogha bliantúil. Dá réir sin ní féidir leis an bhfostaí a rannpháirtíocht sa scéim a chealú sula mbeidh an tréimhse bliana istigh.**

5. Ní ghlacfaidh an Roinn le haon dliteanas ná freagracht má chailltear pas taistil nó mura n-úsáidtear é, nó i gcás gortaithe ar bith a bhainfeadh don bhfostaí le linn dó/di an pas taistil a úsáid.

6. Is féidir pas taistil caillte a athchur. Beidh ar an bhfostaí íoc as in aghaidh na míosa gach mí atá fágtha go deireadh na bliana. Cinnfidh an soláthraí iompair an costas seo.

7. Ní ghlacann an Roinn aon fhreagracht má bhaineann fostaithe mí-úsáid as pasanna taistil agus dearbhaíonn sí go bhfuil gach pas a eisítear de bhua na scéime seo neamh-inaistrithe i gcás ar bith.

8. Baineann an scéim le pasanna bliantúla bus agus iarnróid amháin atá eisithe ag Iarnród Éireann, Bus Éireann, Bus Átha Cliath, Luas, Connex agus soláthraithe iompair formheasta eile. Is féidir eolas maidir le soláthraithe iompair formheasta a fháil ón Roinn Iompair.

9. Ní bheidh aon tionchar ag an laghdú tuarastail ar ranníocaíochtaí pinsin nó ar shochair phinsin, de réir rialacha na scéime aosliúntais cuí.

10. Ní bheidh aon tionchar ag an laghdú tuarastail ar liúntais a ríomhtar mar chéatadán den bpá bunúsach de ghnáth.

11. Is ar feadh bliana amháin a bheidh fostaithe rannpháirteach sa scéim. Beidh gá le hiarratas nua i ndáil le gach bliain dá éis sin ina nglacfar páirt sa scéim.

12. Tá alt foilsithe ó na Coimisinéirí Ioncaim faoin Scéim Pas Taistil Chomhchineáil atá díolmhaithe ó cháin ar fáil ón Roinn Airgeadais.

13. Eiseofar an pas taistil trí phost cláraithe agus ba chóir gurb ionann an seoladh atá tugtha agus an seoladh ag a mbeidh an t-iarratasóir i dtreo go mbeidh ar a chumas / cumas glacadh leis an bpas. Ba chóir gan seoladh na scoile a úsáid chuige seo.